


## AN SPAILPÍN FÁNACH




Go deo deo arís ní rachad go Caiseal ag




díol nó reic mo shláinte, Nó ar mhar-gadh na saoire i mo



shuí cois balla, I mo scaoin-se ar leath taobh sráid-e,



Do-dairí na tíre ag teacht ar a gcapaill, Ag



fia-fraigh an bhfuil-im híreálta, Ó tean-sim chun siúil tá an



cúrsa fada, seo ar shiúl an Spailpín Fánach.

Go deo deo arís ní rachad go Caiseal  
 Ag díol nó reic mo shláinte,  
 Nó ar mhar-gadh na saoire i mo shuí cois balla  
 I mo scaoinse ar leataobh sráide.  
 Bodairí na tíre ag teacht ar a gcapaill  
 Ag fiafraigh an bhfuilim híreálta.  
 Ó téanaim chun siúil, tá an cúrsa fada,  
 Seo ar siúl an Spailpín Fánach.

I mo Spailpín Fánach fágadh mise  
 Ag seasamh ar mo shláinte,  
 Ag siúl an drúchta go moch ar maidin  
 Is ag bailiú galair ráithe.  
 Ní fheicfear corrán i mo lámh chun bainte,  
 Súiste nó feac beag ramhainne,  
 Ach *colours* na bhFrancach os cionn mo leapan  
 Agus *pike* agam chun sáite.